



## Job Description Sonraí Poist



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>	Oifig Caidrimh Dhomhanda UCD
<b>Scoil   Aonad:</b>	UCD Ar Fud na Cruinne
<b>Teideal an Phoist &amp; Réimse Ábhair:</b>	Oifigeach Tionscadal Domhanda
<b>Tréimhse an Phoist:</b>	Ceapachán Sainithe Cuspóra lena gClúdaítear Sannadh Sealadach (tréimhse mheasta: 6 mhí go 9 mí)
<b>Grád:</b>	Oifigeach Riaracháin II
<b>Scála Tuarastail:</b>	€52,519 - €67,129 per annum
<b>Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme</b>	Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil & Clár – Leibhéal Gairme 3 (APOM-3-A)
<b>Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist</b>	2021-07-034
<b>Ag tuairisciú do:</b>	Bainisteoir Líonraí agus Tionscadal Domhanda
<b>Uimhir Thagartha Acmhainní Daonna</b>	019800
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna</b>	Qiong Zhang
<b>Iarratais agus Dáta Deiridh:</b>	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/">https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/</a>
<b>Incháilithe do Chead Oibre:</b>	Níl an ról seo incháilithe do Chead Oibre.

### Position Summary:

Stiúránn agus treoraíonn Caidreamh Domhanda UCD straitéisí domhanda na hollscoile. Soláthraíonn sé ceannaireacht shaineolach i gcomhpháirtíochtaí agus i rannpháirtíocht, in earcaíocht agus i dtacaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta, agus i soghluaisteacht na mball foirne agus na mac léinn atá ag teacht isteach agus ag dul amach, agus i ngnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn. Ag gearáil caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha, oibríonn Caidreamh Domhanda UCD ag comhéadan na hollscoile agus an phobail idirnáisiúnta. Tacaíonn sé le ceannairí ollscoile beartais a mhúnlú, oibríonn sé le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun spriocanna a bhaint amach, agus déanann sé idirchaidreamh le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas. Agus a cheanncheathrú aige i mBaile Átha Cliath, stiúránn agus bainistíonn Caidreamh Domhanda UCD líonra Ionaid Dhomhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil de ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, san Áise Thoir, san Áise Theas, san Áise-Aigéan Ciúin agus sa Mheánoirthear.

Ag tuairisciú do Bhainisteoir Líonraí agus Tionscadal Domhanda, beidh an tOifigeach Tionscadal Domhanda freagrach as raon tionscadal maoinithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear Soghluaisteacht Chreidmheasa Idirnáisiúnta Erasmus+ agus Príomhghníomhaíochtaí eile. Tacóidh sealbhóir an phoist freisin le rannpháirtíocht na hOllscoile le líonraí agus cuibhreannais idirnáisiúnta, agus beidh sé i gceannas ar raon tionscadal rannpháirtíochta domhanda a sheachadadh ó choincheap go cur chun feidhme. Oibreoidh an ról sin go dlúth le páirtithe leasmhara UCD agus páirtithe leasmhara seachtracha chun príomhghnéithe de chlár oibre rannpháirtíochta domhanda UCD a shaothrú.